

Fíricí Scáfara!

Faigheann 46 duine ar an meán bás sa tír gach bliain de bharr dóiteáin. D'fhéadfaí go leor de na básanna tragóideacha seo a chosc dá mbeadh **aláram deataigh/teasa** ag obair sa teach.



FÍRIC!

Tá aláram deataigh 10 mbliana ar fáil i bhfoirm aláram ionúcháin nó optacha agus bíonn cadhnra fadsaoil litiam nó paca cumhachta séalaithe iontu a mhaireann ar feadh 10 mbliana.

FÍRIC!

I suirbhé náisiúnta a rinneadh ar úinéireacht aláram le gairid, fuarthas amach nach bhfuil aláram deataigh suite in os cionn 300,000 míle teaghlach!

Tástáil agus Cothabháil

Is beag an méid cothabhála a bhíonn de dhíth ar aláram deataigh ach le bheith cinnte go n-oibreoidh siad nuair a bheith gá leo:

- ✓ Bain triail as an aláram deataigh uair sa tseachtain trí bhrú ar an gcnaipe tástála agus é a choinneáil go dtí go mbíonn sé ar siúl.
- ✓ Athraigh an cadhnra uair sa bhliain.
- ✓ Gach 6 mhí, glan an chásáil le folúsghlantóir agus scuab aon deannach as.
- ✓ Faigh aláram nua gach 10 mbliana.



Aláram Deataigh/Teasa



Arna Phriontáil ar
Pháipéar Athchúrsáilte



Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1, Éire
teileafón:+353 1 8882381 faics: +353 1 8882645
www.environ.ie firesafety@environ.ie

fire safety
Be on your guard



Cé mhéid aláram deataigh/teasa a bheidh uaim?

- ✓ Beidh an chosaint is fearr ar fáil ó aláram deataigh i ngach seomra (seachas an seomra folctha agus an garáiste). Ba chóir aláram teasa a chur sa chistin.
- ✓ Tá aláram deataigh riachtanach ar gach dorchla/ceann staighre.



Cá gcuirfidh mé na halárim deataigh/teasa?

- ✓ Ar an sileáil chomh gar do lár an tseomra agus is féidir.
- ✓ Cuimhnigh: an mbeidh tú in ann an t-aláram deataigh a chloisteáil san oíche nuair atá an doras dúnta.

Tá dhá chineál Aláram Deataigh ann

“Íonúchán” agus “Optach”

1. Aláram Deataigh Íonúcháin

An cineál is saoire agus is coitianta.

An-mhothálach do cháithníní beaga deataigh ó dhóiteáin ‘lasracha’ ar nós pannai sceallóga. Braithfidh sé an cineál seo dóiteáin sula mbíonn an deatach róthiubh.

2. Aláram Deataigh Optach

Cineál níos daoire ach tá sé níos éifeachtúla chun cáithníní níos mó as dóiteáin ‘mhalla’ ar nós cúir nó sreanganna PVC atá ag crándó a bhrath.

Éalú

Is é an cuspóir atá Aláram Deataigh rabhadh luath a thabhairt faoi dhóiteán a bheith ag briseadh amach! Tá sé ríthábhachtach go mbeadh a fhios agat féin agus ag do theaghlach cad ba chóir a dhéanamh nuair a oibríonn an tAláram Deataigh.

Déan cinnte de:

- ✓ go bpleanálann tú druil éalaithe le gach ball den teaghlach agus go ndéantar é a chleachtadh go rialta.
- ✓ Nuair a bhíonn an druil éalaithe á cleachtadh biodh bealach éalaithe eile ann ar eagla go gcuire ann an dóiteán bac ar an bpríomhbhealach amach.
- ✓ Bíodh ionad cruinnithe ann in áit shábháilte l asmuigh den teach.
- ✓ Bíodh gach bealach éalaithe saor ó bhac de lá agus d’oíche.
- ✓ Bíodh eochracha do dhoirse agus d’fhuinneoga ar fáil go réidh agus go pras.



FÍRIC!

Is de bharr análú deataigh, seachas teas nó lasracha, a fhaigheann formhór na ndaoine bás i ndóiteáin. Is féidir bás a fháil i 3 nóiméad nó mar sin de bharr inanalú deataigh.

FÍRIC!

Tarlaíonn formhór na ndóiteán san oíche nuair a bhíonn daoine ina gcodladh. Ni mhúsclaíonn deatach daoine i gcónaí, ach is amhlaidh gur féidir leis codladh níos troime a chur orthu.

FÍRIC!

Ni “mhúchann” Alárim Deataigh dóiteáin!

